

Ollscoil *na* hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Bronnadh Céimeanna, Dioplómaí agus Teastas

Dé hAoine, 16 Meán Fómhair 2005

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

Focal ón Uachtarán

Is sampla iontach forbairt an lae inniu do chomhoibriú idir Ollscoil agus pobal. Fáiltíonn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh roimh an gcuireadh a fuair sí ó Choiste na Crannóige agus ó Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ionad Gaeilge a chruthú i nGaeltacht Thír Chonaill agus ina theannta sin ollscolaíocht trí Ghaeilge a bhunú ina dhiaidh sin san ionad céanna.

Is í straitéis Ghaeilge Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ceannródaíocht a spreagadh agus a léiriú i measc phobal na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di; ceannródaíocht a chuirfidh le forbairt shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus teanga an phobail sin agus phobal na tíre trí chéile. Is í an straitéis atá ag Ionaid Ghaeltachta na hOllscoile, an Ghaeltacht a neartú mar phobal beo. Déanfar sin trí ghníomhaíochtaí teanga-lárnacha as ionaid ghairmiúla den scoth de chuid na hOllscoile. Fásann as an straitéis sin an bonneagar teanga, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch as ar féidir ollscolaíocht Ghaeilge a neadú agus a fhorbairt sa Ghaeltacht mar phríomh acmhainn cumasaithe pobail.

Soláthróidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge deiseanna oideachais fadsaoil, taighde, comhairleoireachta agus meantóireachta pobail. Cuideofar chomh maith leo siúd a thagann faoi thionchar fhoireann na nIonad Gaeltachta páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt na Gaeltachta.

Is ollscolaíocht tuaithe atá á forbairt sna hIonaid Ghaeltachta, ollscolaíocht atá ag dul i ngleic le bánú na tuaithe agus atá ag tairiscint seans d'óige na Gaeltachta atá á mealladh faoi láthair chuig ceantair chathrach le hoideachas agus fostaíocht a fháil. Táthar ag soláthar raon leathan cúrsaí mar an Ghaeilge Fheidhmeach, an Chumarsáid, an tAistriúchán, an Teicneolaíocht Faisnéise, Modhanna Teagaisc, Cultúr agus Oidhreacht, Forbairt Óige, srl. faoi scáth an Acadaimh. Fágfaidh an fhorbairt seo go mbeidh níos mó daoine óga in ann fanacht sa Ghaeltacht agus go mbeidh céimithe ar fáil fosta i réimsí tábhachtacha a bhaineann le forbairt na Gaeltachta.

Beidh Ionad Ghaeilge Ghaoth Dobhair ag láidriú seasamh na Gaeilge tríd an Ghaeilge a bheith á forbairt mar theanga chomhaimseartha. Táthar freisin ag spreagadh na pleanála teanga ón mbun aníos, beart a thabharfaidh úinéireacht do phobal na Gaeilge ar chaomhnú agus ar fhorbairt na teanga mar acmhainn phobail. Neartóidh na hIonaid Ghaeltachta agus an ollscolaíocht Ghaeilge féiniúlacht agus íomhá phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht. Mar thacaíocht don bheartas sin beidh feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla, stádas oifigiúil agus oibre don Ghaeilge san Aontas Eorpach chomh maith le deiseanna fostaíochta a bheith á gcruthú in earnálacha nua mar spreagadh don phobal.

Le ceannródaíocht ó dhaoine atá fostaithe san Acadamh tá ionaid tacaíochta teaghlaigh, teanga-lárnacha á gcruthú chomh maith le pleanáil teanga sna pobail a bheith ag fás go comhthreomhar leo. Beidh na cúrsaí fochéime agus iarchéime sa Chumarsáid agus sa Ríomhaireacht ar a n-áirítear M.Sc. trí thaighde sa Teicneolaíocht Faisnéise ina ndeis le tionsclaíocht Ghaeilge-lárnach agus eolas-bhunaithe a chur chun cinn. Beidh céimithe ard-oilte le féith na fiontraíochta ar fáil don Ghaeltacht de bharr na gclár seo. Cuideoidh na hIonaid Ghaeltachta le coistí agus le grúpaí deonacha tionscnaimh oiriúnacha do phobail Ghaeltachta a chur chun cinn.

Tabharfaidh an fhoireann atá fostaithe sna hIonaid Ghaeltachta ceannródaíocht sa phobal agus roinnfidh siad a gcuid saineolais le coistí agus le comharchumainn Ghaeltachta. Éireoidh leis an tsinéirgíocht a chruthófar, airdeall pobail a chruthú ar phleanáil teanga agus sin a chomhtháthú le forbairt phobail. Cruthóidh foireann na nIonad Gaeltachta dearcadh dearfach i leith na Gaeilge le go bhfeicfear í mar mhór-acmhainn forbartha i súile an phobail agus institiúidí léinn. Tá na hionaid ollscoile sa Ghaeltacht á múnlú féin mar chuid den bhonneagar Gaeltachta. De bhrí go bhfeidhmíonn siad mar lár-ionaid eolais a sholáthraíonn áiseanna, acmhainní agus sainchomhairle tá tionchar mór acu ar mhúnlú an bhonneagair shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch atá báúil do chur chun cinn na Gaeilge.

Is mór agam mar Uachtarán na hOllscoile agus mar Reachtaire an Acadaimh an fhorbairt seo a stiúradh mar bheart mór comhoibrithe idir ollscoil, stát agus pobal.

Iognáid Ó Muircheartaigh
An tUachtarán

Focal ón Riarthóir

Ba mhaith liom thar ceann fhoireann an Ionaid fáilte a chur roimh gach uile dhuine anseo inniu. Tá Ionad den scoth á oscailt a bheas mar acmhainn thábhachtach do phobal na Gaeltachta i dTír Chonaill. Is toradh é ar an obair chomhpháirtíochta atá ar siúl idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta.

Is é seo an chéad uair sa tír seo a bhfuil céimeanna oinigh á mbronnadh sa Ghaeltacht agus déanann muid comhghairdeas ó chroí leis an triúr ceannródaithe a bhfuil an gradam seo le bronnadh orthu. Tá obair mhór déanta acu don phobal agus don teanga i nGaeltacht Thír Chonaill agus is cinnte go bhfuil siad mar eiseamláir dúinn uilig.

Comhghairdeas leo siúd uilig a bhfuil Dioplómaí agus Teastais á mbronnadh orthu agus guíonn muid gach rath agus bláth orthu san am atá amach romhainn. Is aitheantas é an tIonad seo don dúthracht agus don dílseacht atá léirithe ag pobal Ghaeltacht Thír Chonaill don teanga agus don chultúr agus gura fada buan a mhairfeas sé.

Éamonn Mac Niallais

Éamonn Mac Niallais
Riarthóir Ionad Ghaoth Dobhair



Am-Chlár an Bhronnta

Dé hAoine, 16 Meán Fómhair 2005

11.00 r.n.	**Dioplóma sna Dána** **(Ríomhaireacht Fheidhmeach)**
	Dioplóma sna Dána **(Scileanna Teilifíse)**
	Dioplóma sna Dána **(Sealbhú Teanga agus Forbairt Leanaí)**
	Dioplóma sa Ghaeilge
	Teastas sa Ghaeilge
	Máistir Dán (honoris causa)

Tar éis an tsearmanais bhronnta, osclóidh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D., Ionad na hOllscoile go hoifigiúil.

Ollscoil *na* hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Dioplóma sna Dána (Ríomhaireacht Fheidhmeach)

Ní Fhearraigh, Annelene
Nic Aoidh, Róisín
Nic Cába, Nóirín
Ó Domhnaill, Caroline
Uí Bhaird, Fidelma

Dioplóma sna Dána (Scileanna Teilifíse)

Dillon, Eleanor
Mac Eochagáin, Aenghus
Ní hAnachaí, Louise
Ní Chualáin, Máire Máiréad
Ní Ghairbhín, Lisa
Ní Ghairbhith, Sinéad
Ní Ghallachóir, Geraldine
Ní Mhaolagáin, Michelle
Nic Cába, Muireann
Nic Fhearraigh, Máire
Nic Giolla Cheara, Lára
Ó hAdhmaill, Éamonn
Ó Ceannabháin, Ciarán Gearóid
Ó Clochartaigh, Seán
Ó Cuireáin, Seán
Ó Dubhghaill, Gearóid
Ó Dúgáin, Míchéal Pól
Ó Manacháin, Cathal

Dioplóma sna Dána (Sealbhú Teanga agus Forbairt Leanaí)

Ní Choilin, Máire
Ní Chonacháin, Rosaleen
Ní Churráin, Anna
Ní Dhuibhir, Róise
Ní Ghallchóir, Anna
Ní Ludhóg, Máire
Nic an Bhaird, Síle
Nic Giolla Chearra, Alice
Nic Giolla Chearra, Róisín
Nic Giolla Chearra, Sinéad
Nic Suibhne, Mairéad Máire
Ó Dómhnaill, Caitlín
Ó Gallchóir, Pádraigín Máire

Dioplóma sa Ghaeilge

Dillon, Eleanor
Donnelly, Sinéad
Durkan, Mary
Laighneach, Colm
Mac a'Ghoill, Feilim
Mac Aodha Bhuí, Rónán
Mac Cuinneagáin, Eunan
Mac Fhionnghaile, Seán
Mac Géidigh,Brendan
Mac Giolla Bhríde, Éamonn
Mac Lochlainn, Brian
Mac Lochlainn, Mícheál
Mac Niallais, Éamonn
Marrion, Ann
McAvoy, Teresa
McNamee, Perpetua
Mhic Chormaic, Siubhán
Mhic Giolla Easbuig, Bernadette
Mhic Giolla Easbuig, Máire
Mhic Niallais, Máire
Mhic Pháidín, Bríd
Ní Bhaoill, Maria
Ní Dhochartaigh, Bríd
Ní Fhearraigh, Annelene
Ní Ghairbhith, Sinéad
Ní Ghriobhtha, Nóra
Ní Laighin, Nóirín
Ní Mhaoldomhnaigh, Celine
Nic Chathmhaoil, Gearóidín
Nic Fhionnghaile, Eibhlín
Nic Ghiolla Cheara, Ciara
Ó Ceallacháin, Antoine
Ó Cnáimhsí, Dónall
Ó Donaill, Charlie
Ó Donghaile, Aindriú
Ó Duibhlearga, Pádraig
Ó Fiaich, Seán
Seoighthe, Nóra
Sherry, Jacqueline
Uí Bhaird, Fidelma
Uí Chuinneagáin, Máire
Uí Dhugáin, Máire
Uí Fhríl, Susanna
Uí Laighin, Anna Marie

Teastas sa Ghaeilge

Burgess, Eileen
Mac Fhionntaigh, Peadar
McCann, Maeve
McGuinness, Karen
Meenan, Daniel John
Meenan, George Christopher
Nicholas, Joe
Ní Chormaic, Anna Máire
Nic Lochlainn, Róisín
Ó Baoill, Réamonn
Ó Canáin, Conchúr
Ó Cuinn, Liam
Ó Gallchóir, Clement
Uí Chatháin, Máire Áine

Máistir Dán (honoris causa)

Tomás Mac Giolla Bhríghde
Mícheál Mac Giolla Easbuic
Máire Mhic Niallais

ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

Nóta Eolais ar na Céimithe Oinigh

Tomás Mac Giolla Bhríghde

Rugadh Tomás Mac Giolla Bhríghde i nGaoth Dobhair. Fuair sé a chuid oideachais iarbhunscoile agus ollscoile i mBaile Átha Cliath agus tháinig sé ar ais chuig a chontae dúchais le gairm na cuntasaíochta agus na hinniúchóireachta a chleachtadh. Tá suim mhór ag Tomás i ngluaiseacht na gcomharchumann mar go gcreideann sé gurb iad na gnáthdhaoine iad féin is fearr atá ábalta a dtodhchaí féin a chinntiú. Thug Tomás tacaíocht do Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ón am ar bunaíodh é agus tá sé mar chomhairleoir cuntasaíochta ag an gcomharchumann sin go dtí an lá atá inniu ann. Shocraigh Tomás agus fir ghnó eile as an gcontae seo i 1966 nach mbeadh leacht cuimhneacháin ná óráidí ann mar chuid de chomóradh 50 bliain Éirí Amach 1916 ach ina áit sin cheannaigh siad an talamh ar a dtugtar an Screabán anois i nGaoth Dobhair ó Choimisiún na Talún agus dhíol siad é le Roinn na Gaeltachta ar an luach céanna le monarchana a thógáil air.

Seo an suíomh ar a bhfuil an tIonad Ollscoile suite agus is as an gcinneadh sin a rinne Tomás agus fir ghnó eile a d'fhás Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Tá Tomás ina bhall d'Aisteoirí Ghaoth Dobhair ó 1938 go dtí an lá atá inniu ann. Is ar chuireadh ó Thomás Mac Giolla Bhríghde a rinne Siobhán McKenna Amharclann Ghaoth Dobhair a oscailt go hoifigiúil i 1966.

Mícheál Mac Giolla Easbuic

Ba i gCill Chártha a rugadh Mícheál i 1942. Fuair sé a chuid bunoideachais i Scoil Náisiúnta Mhucrois, a chuid iarbhunoideachais i gColáiste Éinne agus a chuid oideachais tríú leibhéil i gColáiste Phádraig, Droim Conrach.

Bhí sé ina rúnaí ar Chumann Lúthchleas Gael Chill Chártha ó 1961-1980. Bhí Mícheál ar dhuine de bhunaitheoirí agus de cheannródaithe Chomórtas Peile na Gaeltachta. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomórtais Peile na Gaeltachta ó 1977-'79. I 1979 ceapadh ina Chathaoirleach é ar Choiste na gCluichí i gContae Dhún na nGall. Idir 1980 agus 1986, bhí Mícheál ina Chathaoirleach ar Bhord Chumann Lúthchleas Gael Dhún na nGall. Idir 1987-1994, bhí sé mar bhall Dhún na nGall ar Ard-Chomhairle Chumann Lúthchleas Gael agus idir 1994-1997 bhí sé mar dhuine d'iontaobhaithe Chumann Lúthchleas Gael. Idir 1997-2003, bhí Mícheál ina Chathaoirleach ar Choiste na Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh. Ó 1999 go dtí an lá atá inniu ann, tá sé ina bhall de Mheitheal Forbartha na Gaeltachta. Ó 2003 i leith, tá sé ina bhall de Choiste Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Is sampla é Mícheál de dhuine Gaeltachta a d'oibrigh go dílis ina ghairm ach freisin a thug a shaothar go fial agus go dílis don spóirt, don Ghaeltacht agus don Ghaeilge.

Thuig Mícheál an riachtanas atá le hIonaid Phobail lánmhaoinithe mar acmhainn le bonneagar a chruthú agus cur chuige a aimsiú inár féidir fostaíocht a chruthú trí sheirbhísí pobail a bheadh seachadta ag an phobal le mórtas dóibh féin agus dá chéile. Feiceann sé an Ghaeilge mar mhóracmhainn i bhforbairt an duine agus phobal na Gaeltachta.

Máire Mhic Niallais

Rugadh agus tógadh Máire Mhic Niallais i Machaire Rabhartaigh i nGaeltacht Thír Chonaill.

Ag tús na seachtóidí, bhí sí ar dhuine de na príomhghníomhaithe san fheachtas le Pobalscoil lán-Ghaelach a bhunú i nGaoth Dobhair. Bhí Máire ar dhuine díobh siúd a bhunaigh An Chrannóg, lárionad Oideachais agus Gaeilge i nGaoth Dobhair agus freisin ar dhuine de na daoine a bhunaigh Coiste Forbartha Ghaoth Dobhair agus is as sin a d'fhás Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair. Ba í Máire, mar Chathaoirleach ar an gCrannóg, a thug cuireadh d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ionad Ollscoile a bhunú i nGaoth Dobhair.

Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Éigse Uladh. Toghadh mar Uachtarán ar an Oireachtas i nGaoth Dobhair in 2002.

Bronnadh Gradam an Phiarsaigh uirthi sa bhliain 2000 mar aitheantas ar a cuid oibre ar son na Gaeilge agus na Gaeltachta. Ba í an chéad bhean í a ainmníodh ar bhord Údarás na Gaeltachta (1979 – 1983). Bhí sí ina ball de Bhord na Gaeilge (1978 – 1983), agus ina leaschathaoirleach ar an bhFeachtas Náisiúnta Teilifíse.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair

98-G-463
98-G-5898
99-G-7655

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Na Dóirí Beaga
Co. Dhún na nGall
Fón: +353 (0)74 9531919
Facs: +353(0)74 9531477
R-phost: gaothdobhair@eircom.net

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Teileafón +353 91 524411
Facs: +353 91 525700
www.oegaillimh.ie